**An Cnapán Óir**

Fadó bhí seanbhean ag maireachtaint léi féin. Ní raibh aon cheal uirthi, ach sprionlóir ceart ab ea í. Ní scaradh sí le haon leathphingin anuas ar leathphingin agus pingin anuas ar phingin i gcónaí.

Ach do bhí cnapán óir aici agus n'fheadar sí ó Fhlaitheas Dé anuas cá gcuirfeadh sí an cnapán óir. Theastaigh uaithi a bheith deimhnitheach go mbeadh an cnapán óir sábháilte.

Bhí an t-aos ag breith uirthi ansan agus ar deireadh thiar dhein sí suas a haigne ná raibh aon áit ba shábháilte di an cnapán óir a chur ná é a bhreith léithe ar an saol eile.



'Sé an rud a dheineadh sí gach aon mhaidin nuair a bhí an óige aici, chíoradh sí a cuid gruaige. Bhí cúl breá gruaige uirthi agus nuair a bhíodh a gruaig cíortha aici chuireadh sí an cnapán óir isteach ina cúl gruaige taobh thiar agus bhíodh sé go sábháilte ansan agus nuair a théadh sí a chodladh chuirfeadh sí fén bpilliúr é. Ach bhraith sí í féin ag dul chun deiridh agus dúirt sí léi féin go mbéarfadh sí an cnapán léi mar lón síoraí.



Ghlaoigh sí ar an gcailín aimsire. Ní chaitheadh sí leathphingin ach amháin go gcoimeádadh sí cailín aimsire i gcónaí agus d'iarr sí ar an gcailín aimsire an cnapán óir a chur i sáspan agus é a leagadh ar an dtine agus a thabhairt do le n-ól.

Dúirt an cailín aimsire "Maith go leor." Bhí an cailín aimsire glic. Tháinig sí. Fuair sí an sáspan agus chuir sí cnapán breá ime isteach sa tsáspan agus nuair a bhí an t-im leáite, leachta, thug sí chuici le n-ól é. Bhuail sí chuici féin an cnapán óir agus bhí an tseanbhean sásta mar mheas sí go raibh an t-ór á bhreith léi aici ar an saol eile agus ar bhóthar na síoraíochta.

Ach bhí an cailín róghlic di agus d'fhan an cnapán óir aici.